



## Bolg na buile - tasc litearthachta



B'fhéidir go bhfuil pictiúirí feicthe agat do spásairí ar snámhán timpeall an spástointeálaí. Nuair atá spásairí ar snámhán mar seo, deireann daoine go minic go bhfuil said dímheáchain, nó in imtharraingt nialasach, ach níl sé seo i gceart.

Ag an airde ina bhfuil an spástointeálaí i bhfithisigh, tá imtharraingt ag tarraingt ar gach mais thar 9N de fhórsa. Tá imtharraingt fós ag tarraingt ar na spásairí, mar sin tá meáchan fós acu. Cén fáth mar sin a bhraitheann siad go dímheáchaineach?

Nuair atá tú in a sheasamh ar an dtalamh, tá imtharraingt ag iarradh tú a tharraingt síos. Ní féidir leat dul síos mar tá an talamh i do shlí. Má théann tú i bhfithisigh timpeall an domhan, bheadh an spásárthach 'ag titim' timpeall an domhan. Níl an spásárthach ag brú i gcoinne do chosa, mar sin braitheann sé ar nós nach bhfuil aon meáchan agat. Tá sé ar nós an slí ina bhraitheann sé nuair a tosaíonn árdaitheori ag teacht anuas go tobann. Bhí traenáil déanta ag spásairí cheana chun go mbeadh said in ann dul i ngleic leis an mothú ag úsáid eitleán. Téann an eitleán suas agus anuas agus i rith an am sin bheadh mothúchán an dímheáchain acu.



Nuair atá an eitleán ag dul thar gach cuar, titeann sé ag an luas céanna 's na daoine laistigh. Braitheann said go dímheáchainach.

## Ceisteanna

- ① Cén fáth a deireann daoine go bhfuil na spásairí in imtharraingt nialasach?
- ② Tá mais 70kg ag spásairí
  - a) Cén meáchan a bheadh aici ar domhan?
  - b) Cén fórsa a bheadh ag imtarraingt uirthi nuair atá said i bhfithisigh?
- ③ Cén fáth go braitheann spásairí dímheáchanach nuair atá siad i bhfithisigh?
- ④ Conas a dhéantar traenáil ar na spásairí chun déileáil leis an dímheáchan?
- ⑤ Fáil amach:
  - a) Cén fáth go ainmnítear an eitleán 'buile na boilg' (The vomit comet)?
  - b) Cad iad éifeachtaí an dímheáchan ar conas a mhaireann spásairí i spás. Cén coinníollacha speisialta a bhfuil déanta i gcóir codhladh, ithe, ól agus ag dul go dtí an leithreas?